M.87T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2004

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Grúpa I : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amhain a roghnú as *gach grúpa ar leith* de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ina theannta seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Pléigh an úsáid a bhaineann Túicididéas as óráidí ina shaothar *Stair Chogadh na Peilipinéise*. (50)

(ii) (a) Rianaigh na hargóintí a chuireann Cléón agus Díodatas chun cinn sa Díospóireacht Mhitiléineach. (30)

(b) Cén léiriú a thugann an díospóireacht Mhitiléineach ina hiomláine dúinn ar an daonlathas san Aithin an tráth sin? (20)

(iii) (a) Scríobh aiste ar an tábhacht a bhain le cumhacht chabhlaigh i gCogadh na Peilipinéise. (40)

(b) Cén chaoi ar sháraigh Sparta a heasnamh chumhacht chabhlaigh ar deireadh? (10)

(iv) D'éirigh le baile Plataea, comhghuaille na hAithine, an fód a sheasamh in aghaidh ionsaí na Téibhe ach gabhadh ar deireadh é ag na Spartaigh agus cuireadh na daoine ann chun báis.

Cad é do mheas ar iompar na dTéibheach, na bPlataeach, agus na nAithineach sna himeachtaí seo? (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Nuair a rinneadh rí na Macadóine d'Alastar ar bhás a athar Pilib sa bhliain 336 R.Ch., chuaigh sé i gceann a airm in aghaidh roinnt dá naimhde (Triballiánaigh, Illiriaigh, agus Téibhigh).

(a) Tabhair cuntas gearr ar an gcaoi ar dhéileáil Alastar le **dhá cheann ar bith** de na naimhde sin. (35)

(b) Cé acu cáilíochtaí a léirigh Alastar níos deireanaí ina chuid feachtas Peirseach a bhí soiléir cheana féin sna buanna luatha seo? (15)

(ii) "An dúshlán ba dhéine, b'fhéidir, dár bhuail riamh le sárchumas míleata Alastair," ba ea léigear agus gabháil Tiorais. (Bury agus Meiggs)

(a) Cad iad na dúshláin ba mhó a chuir Tioras agus lucht a chosanta roimh Alastar, agus cén chaoi ar sháraigh a éirim mhíleata na dúshláin sin? (40)

(b) Cad é do mheas ar an gcaoi ar chaith Alastar leis an dream a tháinig slán as gabháil Tiorais? (10)

(iii) Ba bheag nár maraíodh Alastar in eachtra ag dún na Mallach san India i 325 R.Ch.

(a) Déan cur síos ar an gcaoi ar goineadh Alastar go dona ag an dún. (20)

(b) Cén chaoi ar áitigh Alastar ar an arm ar ball nach bhfuair sé bás ann? (15)

(c) An bhfuil tú ar aon tuairim leis na cairde sin ag Alastar a cháin é mar gheall ar a chuid gníomhartha ag an léigear seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) "Ainneoin é bheith fíochmhar agus taghdach ba bheag a spéis sna pléisiúir chéadfaíocha agus is go measartha a bhlais sé díobh…"(Plútarc, *Beatha Alastair*)

Pléigh an sliocht seo agus bíodh tagairt agat don mhéid a d'fhoghlaim tú i dtaobh iompar Alastair ón léamh a rinne tú ar na téacsanna éigeantacha. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar údair amhrais agus imní Chiceaṛó sular shocraigh sé, ar deireadh, dul le Poimpéas nuair a bhris an Cogadh Cathartha amach idir Caesar agus Poimpéas. (35)

(b) Cén chaoi ar éirigh le Ciceaṛó nuair a chinn sé taobhú le Poimpéas? (15)

(ii) "De shliocht uasal a shíolraigh Publius Clodius agus bhí cáil air mar gheall ar a shaibhreas agus a chumas mar óráidí araon; ach san acmhainn drochbheartaíochta a bhí aige, sháraigh sé cladhairí cruthanta uile a linne féin." (Plútarc, *Beatha Chaesair*)

Tabhair cuntas ar an ról a bhí ag Clodius sna himeachtaí sa Phoblacht Dhéanach. (50)

(iii) I saothar Chiceaṛó *Cúrsaí Rialtais,* deir Scipio: "Táim ag trácht ar na trí chineál rialtais seo – ríogacht, olagarcacht, daonlathas."

(a) Cén argóint atá ag Scipio in aghaidh **gach aon cheann** de na cineálacha rialtais seo? (35)

(b) An aontaíonn tú le cáineadh Scipio ar an daonlathas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar na dánta éigeantacha, déan anailís ar mhothúcháin Chatullus i leith na mban go ginearálta agus go háirithe i leith Lesbia. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar na himeachtaí a raibh bás Ghermanicus mar thoradh orthu. (35)

(b) Déan plé ar an ról a bhí ag Agrippina, baintreach Ghermanicus, san aighneas a tháinig chun cinn idir Tibéirias ar thaobh amháin agus Agrippina agus a lucht tacaíochta ar an taobh eile. (15)

(ii) Meastar go ginearálta gur éirigh go maith le Nearó sa chéad chúig bliana dá réimeas.

(a) Cad iad na cúinsí a bhí mar bhonn le rathúlacht na Róimhe sa tréimhse seo? (20)

(b) Cad iad na tréithe i gcarachtar Nearó a chuir an saol ó rath go tubaisteach ina réimeas déanach? Bíodh tagairt agat d'imeachtaí sainiúla i do fhreagra. (30)

(iii) Sliocht as inscríbhinn a fuarthas i bPisa atá anseo thíos.

Maidir le Gaius Caesar, mac Ágastais, (athair a thíre, pontifex maximus, cosantóir impireacht na Róimhe agus caomhnóir an domhain uile,) garmhac Iúlius a ndearnadh dia de, tar éis a thréimhse chonsalachta a chur i gcrích go rathúil i mbun feachtas i bhfad thar na críocha Rómhánacha, agus seirbhís uasal ar bun aige don stát agus é i mbun treibheanna móra cogaíochta a chloí, tháinig scéala ar Aibreán 2 gur goineadh é le linn dó bheith ar seirbhís phoiblí, agus de dheasca an mhífhortúin sin, sciob an chinniúint gan taise é ó phobal na Róimhe, agus é tuartha dó bheith ina phrinceps ard-ghradamúil, ar aon dul lena athair ina fhoirfeacht, agus aon-chosantóir ár gcoilíneachta. Do rinne an nuacht athnuachan agus méadú mór do chách, go haonarach agus mar ghrúpa, ar an dobrón a braitheadh i gcónaí de dheasca bhás Lucius Caesar, deartháir Ghaius, consal tofa, ágar, ár bpatrún, ceannaire ár n-óige. (*Lactor 8*)

(a) Mínigh an gaol a bhí ag Gaius agus ag Lucius leis an Impire Ágastas. (10)

(b) Rianaigh na céimeanna a ghlac Ágastas chun comharba a chinntiú tar éis bhásanna Ghaius agus Lucius. (25)

(c) Mhaígh Ágastas go ndearna sé athshlánú ar Phoblacht na Róimhe. Cén fhianaise atá san inscríbhinn thuas nach raibh sé seo fíor? (15)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar theacht chun cinn Sejanus agus ar a dhul ar lár. (40)

(b) Déan trácht ar a mhéid a bhí Tibéirias ag brath ar Sejanus. (10)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan plé ar thábhacht radharc Io i ndráma Aescailis *Proiméitéas Faoi Laincis.* (50)

(ii) Pléigh tréithe Éideapúis mar rialóir na Téibhe i ndráma Shofaicléis *Éideapús Rí*. (50)

(iii) I ndráma Arastafainéis, *Froganna*, agus Aescaileas á fhógairt mar bhuaiteoir ag Diníseas, deir sé: "I lár mo chroí istigh, bhí fhios agam riamh é."

(a) Déan plé ar an léiriú a thugann Arastafainéas ar Aescaileas sa dráma *Froganna*. (35)

(b) Cén fáth nár roghnaíodh Eoraipidéas chun an chathair a tharrtháil, dar leat? (15)

(iv) (a) Déan anailís ar an radharc deiridh i ndráma *Méidia* le Eoraipidéas a léireoidh an chaoi a mbaineann Méidia amach an díoltas is mó ar fad ar Iasón. (35)

(b) Pléigh an tábhacht a bhaineann le Méidia a bheith in airde san aer ar charbad dhia na gréine sa radharc seo. (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Déan comparáid idir Odaiséas in *Odaisé* Hóiméir agus Uiliséas in *Aeinéid* Veirgil. (35)

(b) Cén fáth a dtugann Veirgil léiriú chomh héagsúil sin ar Uiliséas? (15)

(ii) San *Odaisé* Leabhar 23, tagann Penelope agus Odaiséas le chéile arís ar deireadh.

(a) Tabhair cuntas ar an radharc ina dtagann siad le chéile arís. (30)

(b) An aontaíonn tú go léiríonn Hóiméar sárthuiscint ar mhothúcháin an duine sa radharc seo? Bíodh tagairt agat d'imeachtaí sa téacs i do fhreagra. (20)

(iii) Déan plé ar thábhacht Anchiséis, athair Aeinéis in imeachtaí in *Aeinéid* Veirgil leabhair 2 go 6. (50)

(iv) Déan comparáid idir an saol in *Odaisé* Hóiméir agus an saol a chastar orainn san eipic Ghaeilge, *An Táin.* (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) I measc na scríbhneoirí ar do chúrsa, cén fhianaise atá agat ar an mian chun filleadh ar shaol simplí, níos nádúrtha? (40)

(b) Cén fáth dar leat ar léirigh scríbhneoirí Ágastacha an mhian seo? (10)

(ii) Tá nós ag Livias sa *Réamhrá* aige, agus ina chuid tráchtaireachta ar na Rómhánaigh luatha, idéal a dhéanamh den am atá thart seachas dá ré féin.

Pléigh an tuairim seo agus bíodh tagairt agat do na sleachta éigeantacha as Livias. (50)

(iii) "Fabhalscéal aoibhinn mar gheall ar umhlaíocht agus saint" a tugadh ar scéal Baucis agus Fileamón le hÓivid.

(a) Cén chaoi a ndéanann Óivid scéal aoibhinn de? (40)

(b) Cén ceacht atá sa scéal? (10)

(iv) Tá an chomhbhá le daoine a fhulaingíonn mar thréith shainiúil de shaothar Veirgil.

Cén fhianaise atá agat ar an tréith seo sna sleachta *Oirféas agus Eoraidisé* agus *An Domhan Thíos*? (50)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) (a) Ainmnigh an foirgneamh a dtaispeántar leagan atógtha de i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**, agus luaigh cá bhfuil sé lonnaithe. (10)

(b) Déan cur síos iomlán ar dhearadh agus ar mhaisiú an teampaill, agus nocht do thuairim i dtaobh ráiteas Richter go bhfuil an plean neamhrialta. (30)

(c) Cad iad na hábhair ar baineadh úsáid astu chun an teampall seo a thógáil agus a mhaisiú? (10)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an stíl péinteála vásanna seo? (5)

(b) Cén cuspóir a bhí leis na vásanna seo? (10)

(c) Déan trácht ar an gcaoi ar péinteáladh na fíoracha daonna ar an vása seo. (15)

(d) Scríobh nóta ar an maisiú ar an vása seo. (20)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Scríobh tuairisc ar na cúiseanna a bhfuil ardmheas ar an dealbh seo. (30)

(b) Déan comparáid idir an léiriú a thugtar ar na déithe sa dealbh seo agus an chaoi a léirítear na déithe sa ré Chlasaiceach ( e.g. ar Fhríos Phartanóin). (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbh ón ré Heilléanach.

(a) Ainmnigh an fhíor lárnach sa dealbhóireacht seo (5)

(b) Cén ócáid atá á léiriú sa dealbhóireacht seo? (10)

(c) Cén chaoi a bhfuil an dealbhóireacht i **bhFótagraf D** tipiciúil den dealbhóireacht Heilléanach? (20)

(d) Cad é do mheas ar an dealbhóireacht seo? (15)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Sa saothar *An Phoblacht*, le Platón, fiafraítear de Shócraitéas an féidir an Stát Idéalach a bhaint amach.

(a) Tabhair achoimre ar na hargóintí a chuireann Sócraitéas chun cinn ina fhreagra. (35)

(b) An dóigh leat go bhféadfadh a leithéid de stát a bheith ann?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) Pléigh an tuairim gurb é nádúr guagach, truaillithe na saoránach Sioracúsach seachas a chuid lochtanna féin faoi deara teip Dion i Sioracús. (50)

(iii) "Agus", a déarfaidh sé, "nach bhfuil difríocht mhór nádúrtha idir fir agus mná?" (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cén freagra atá ag Sócraitéas ar an argóint nach bhfuil mná ó nádúr ábalta ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí uile na bhfear? (40)

(b) Cén fáth, dar le Sócraitéas, gur cúis mhór gháire a bheidh ann má chaitear le mná sa tslí chéanna le fir agus iad ag traenáil chun cogaidh? (10)

(iv) (a) Cad iad na rialacha a leagann Sócraitéas síos i gcomhair slí mhaireachtála na gCosantóirí sa stát aige? (25)

(b) Cén freagra atá ag Sócraitéas ar an ngearán nach mbeidh na Cosantóirí róshásta leis na rialacha seo? (10)

(c) An aontófá le Platón gurb iad saibhreas agus maoin phríobháideach is cúis leis na fadhbanna is mó i stát ar bith? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ar gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar phlean Timgad a thaispeántar i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Ainmnigh na gnéithe atá marcáilte ag *aa*, *d*, *j*, *k* agus *h*. (15)

(b) Cá bhfuil Timgad lonnaithe agus cén fáth ar tógadh ann é? (10)

(c) Cad a insíonn an plean seo dúinn faoin saol sa bhaile seo? (15)

(d) Sampla de phleanáil bhaile ar chuma chlár fichille is ea Timgad. Luaigh an **dá** phríomh-theoiric mar gheall ar bhunús an phatrúin phleanála seo i mbailte Rómhánacha. (10)

(ii) (a) Sainaithnigh an eachtra a thaispeántar i bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X** agus ainmnigh an dá phríomh-phearsa. (10)

(b) "Is cinnte go gcuirtear clampar láthair an chatha in iúl le tuiscint bhríomhar dhrámatúil agus déantar iarracht fhónta ar na pearsana atá ann a idirdhealú óna chéile."
(Wheeler, *Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach)*

Déan an tuairim seo ag Wheeler a phlé. (30)

(c) Scríobh nóta gearr ar theicníc na mósáice. (10)

(iii) Déan staidéar ar an dealbhóireacht rilífe a thaispeántar i bh**Fótagraf G** ar **Pháipéar X.**

(a) Tabhair cuntas gearr ar an radharc agus luaigh cad ar a ndéanann sé comóradh. (15)

(b) Pléigh an chaoi ar úsáid an t-ealaíontóir rilíf ard agus rilíf íseal sa dealbhóireacht seo. (15)

(c) Nocht do thuairim ar an méid a deir Wheeler go bhfuil an pheirspictíocht "beagnach ceart" ag dealbhóir an radhairc seo. (20)

(iv) Taispeánann **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** an Maison Carrée i Nimes. Taispeánann **Fótagraf I** teampall Bhacais ag Baalbek.

(a) Tabhair cuntas iomlán ar an Maison Carrée. (35)

(b) Déan staidéar ar **Fhótagraf I** agus ainmnigh gné Gréagach **amháin** agus gné Rómhánach **amháin** den teampall seo. (15)